

Iarratas ó Thríú Páirtí ar Shonraí Tiarna Talún



Is comhlacht poiblí é an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe a bunaíodh chun tacú le hearnáil tithíochta ar cós a fheidhmíonn go maith agus í sin a fhorbairt. Soláthraíonn an RTB raon seirbhísí agus tacaíochtaí do thiarnaí talún agus do thionóntaí lena n-áirítear seirbhís réitigh díospóide a sholáthar. Soláthraíonn an RTB tacaíocht do thríú páirtithe freisin i gcásanna áirithe.

Tá sé de dhualgas ar thiarnaí talún do thríú páirtithe áirithe oibleagáidí de chuid a dtionóntaí. Féadfaidh tríú páirtí iarratas a dhéanamh ar réiteach díospóide má chreideann sé gur sháraigh tiarna talún dualgas atá dlite dó nó di as mainneachtain in oibleagáidí tionónta a fhorfheidhmiú. Ní féidir iarratas um réiteach díospóide a dhéanamh ach amháin sna cásanna a leanas:

- ▶ Má dhéantar tionchar diúltach díreach ar an iarratasóir tríú páirtí mar thoradh ar shárú oibleagáidí an tionónta
- ▶ Más rud é, sula ndearna sé iarratas, go ndearna an t-iarratasóir cumarsáid leis an tiarna talún, nó go ndearna sé iarracht cumarsáid a dhéanamh leis faoi na fadhbanna
- ▶ Má ghlac an t-iarratasóir gach céim réasúnach chun an t-ábhar a réiteach

Tabhair faoi deara le do thoil, chun an t-iarratas seo a phróiseáil ar shonraí teagmhála tiarna talún:

- ▶ Ní mór an fhoirm a chomhlánú ina **hiomláine** i mbloclitreacha nó í a chlósscríobh
- ▶ Ní mór an fhoirm a shíniú agus a chur sa phost chuig an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Ní ghlactar le hiarratais ríomhphoist nó teileafóin.
- ▶ Ní mór don duine (do na daoine) atá buailte go díreach agus go diúltach ag an iompar líomhnaithe an t-iarratas a dhéanamh. Féadfaidh Cuideachta Bainistíochta Úinéara nó Cumann Áitritheoirí / Grúpa Faire Comharsanachta sonraí a iarraidh freisin agus iad ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh le tiarna talún thar ceann duine atá buailte.

Breithneoidh an RTB an t-iarratas agus tabharfaidh sé freagra i scríbhinn duit a luaithe is féidir. Ní féidir leis an RTB sonraí tiarna talún a sholáthar mura bhfuil tionóntacht cláraithe ach cuirfidh sé tús le nósanna imeachta forfheidhmithe clárúcháin i gcásanna den sórt sin. Is féidir leat a sheiceáil má tá tionóntacht cláraithe trí chuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin www.rtb.ie/check/index.html

Ní nochtfar d'fhaisnéis phearsanta ar an bhfoirm seo don tiarna talún ná don tionónta / do na tionóntaí. Mar sin féin, má chuireann tú iarratas isteach ina dhiaidh sin ar réiteach díospóide, dhéanfaí an fhoirm iarratais díospóide (lena n-áirítear ainm an iarratasóra ach gan seoladh) agus an fhianaise dhoiciméadach tacaíochta uile a chóipeáil go hiomlán chuig an tiarna talún agus chuig an tionónta / chuig na tionóntaí, a dtabharfar cuireadh dóibh chun freastal ar an éisteacht um réiteach díospóide.

N.B. Tá an fhoirm seo ann chun sonraí tiarna talún a iarraidh d'fhonn deacracht a réiteach agus ní iarratas í féin ar réiteach díospóide. Chun faisnéis a fháil maidir le hiarratas a dhéanamh ar réiteach díospóide, téigh chuig ár suíomh gréasáin www.rtb.ie/dispute-resolution/third-party-dispute-resolution-services/

Sonraí faoi Theaghais Tríú Páirtí & Cónaithe ar Cíos

Do Chéadainm

Do Shloinne

Ainm d'eagraíochta nó

do ghrúpa (más ábhartha)

Seoladh tríú páirtí

Uimhir Theileafóin

Ríomhphost

Seoladh na teaghaise ar cíos

Tabhair faoi deara nach mór don duine atá buailte go díreach agus go diúltach ag an iompar líomhnaithe an t-iarraitas a dhéanamh. Féadfaidh Cuideachta Bainistíochta Úinéara nó Cumann Áitritheoirí / Grúpa Faire Comharsanachta sonraí a iarraidh freisin agus iad ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh le tiarna talún thar ceann duine atá buailte. Teastaíonn an fhaisnéis bhreise seo a leanas chun d'iarraitas a phróiseáil:

- ▶ Cruthúnas ar aitheantas (m.sh. Pas nó Ceadúnas Tiomána, glacfar le cóipeanna)
- ▶ Cruthúnas ar sheoladh (glacfar le cóipeanna)


Teastaíonn an fhaisnéis seo chun d'aitheantas a fhíorú agus ní úsáidfeair í chun aon chríche eile. Coinneofar na doiciméid ar aon dul lenár mbeartais coinneála agus sciosfar iad ina dhiaidh sin ar bhealach slán. Chun faisnéis bhreise a fháil maidir leis an gcaoi a láimhseálann an RTB do chuid sonraí pearsanta, féach ar Ráiteas Príobháideachais an RTB ag www.rtb.ie/privacy-statement. Tá meas ag an RTB ar do phríobháideacht agus tá sé tiomanta don dlí maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh.

Sonraigh le do thoil sárú líomhnaithe ar oibleagáidí an tionónta / na dtionóntaí a tharlaíonn. Tá oibleagáidí sonracha ar thionóntaí faoi Alt 16 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe (féach ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh faisnéise: www.rtb.ie/beginning-a-tenancy/rights-and-responsibilities/) agus ní féidir sonraí tiarna talún a scaoileadh mura bhfuil na hoibleagáidí sin á sárú.

Sonraigh an chaoi a bhfuil tú buailte `go díreach agus go diúltach' ag mainneachtain an tiarna talún i ndul i ngleic leis sárúithe thuas ar oibleagáidí an tionónta / na dtionóntaí (cuir sonraí san áireamh maidir leis an bhfad idir do réadmhaoin agus an teaghais ar cíos atá i gceist).



Sonraigh freisin na hiarrachtaí a rinne tú go dtí seo chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an tiarna talún faoi na saincheistean thuas.



Léigh an dearbhú thíos go cúramach agus sínigh é:

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuas, a chuir mé ar fáil, fíor agus cruinn agus geallaim nach n-úsáidfídh mise na sonraí teagmhála tiarna talún a sholáthraíonn an RTB dom faoi Alt 77 (3) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe ach chun críocha iarracht a dhéanamh chun cumarsáid a dhéanamh le tiarna talún na teaghaise ar cíos thuas d'fhonn na hábhair a shonraítear thuas a réiteach. Admhaím freisin go bhfuil a fhios agam go bhfuil oibleagáidí orm faoi GDPR maidir le sonraí pearsanta a fháil agus ní mór dom sonraí a úsáid ach amháin chun na críche atá beartaithe.

Sínithe

Dátaithe

 / /

Cuir an fhoirm seo sa phost chuig: **Iarratais ar Fhaisnéis Tríú Páirtí, an Rannán Clárúcháin, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, Bosca Poist 47, Cloich na Coillte, Contae Chorcaí.**

Tá meas ag an RTB ar do phríobháideacht agus tá sé tiomanta don dlí maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. Chun faisnéis a fháil maidir leis an gcaoi a láimhseálann an RTB do chuid sonraí pearsanta, féach ar Ráiteas Príobháideachais an RTB ag www.rtb.ie/privacy-statement.

Seicliosta:

An bhfuil an méid thíos déanta agat:

- ▶ An bhfuil an fhoirm iarratais tríú páirtí comhlánaithe ina hiomláine?
- ▶ An bhfuil sárú oibleagáidí an tionónta sonraithe agat?
- ▶ An bhfuil do chuid iarrachtaí teagmháil a dhéanamh leis an tiarna talún sonraithe agat?
- ▶ An bhfuil fótachóip de chruthúnas ar d'aitheantas agus do sheoladh ceangailte?
- ▶ An bhfuil an fhoirm sínithe agus dátaithe?